# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2018

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1.** Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2.** Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3.** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4.** Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5.** Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch. 9** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn I | Cluastuiscint | (40 marc) |
|---|---|---|

## Treoracha

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

   **N**.**B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

******************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

<u>Cuid A: C1. + C.2. = 16 mharc</u>

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

<u>Cuid B: C1. + C.2. = 12 mharc</u>

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

<u>Cuid C: C1. + C.2. = 12 mhar</u>

<u>Roinn I (An Triail Chluastuisceana): Cuid A + Cuid B + Cuid C: = 40 marc</u>

| Roinn II | Léamhthuiscint | 120 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

30

**C.1:** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

30

**C.2:** **Trí** Fhógra Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc: = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc: = 5 x 3 = 15 mharc

**(c)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc: = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

60

**C.3:** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30: = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

| Roinn III | Ceapadóireacht | 80 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc
**Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc
**Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir le do chuid mharcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'. Feic lch **6-9**.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite.
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt.

20

**C. 4** **Cárta Poist** **20 marc**

- ✓ **Eolas:** marc as 5 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

> - Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
> - Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

20

**C. 5** **Blag / Cuntas** **20 marc**

- ✓ **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

40

**C. 6** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** **40 marc**

**(a)** **Litir:**

- ✓ **Foirmlí:** = 4 mharc
- ✓ **Eolas:** = 4 mharc x 2 = 8 marc
- ✓ **Gaeilge:** = blocmharc as 28 marc

| | |
|---|---|
| **seoladh** | = 1 mharc |
| **dátaí** | = 1 mharc |
| **beannú** | = 1 mharc |
| **síniú scoir** | = 1 mharc |

**(b)** **Alt/Cuntas**

- ✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 = 10 marc [**Eolas** :pointe amháin eolais as gach sraith bosca]
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar '0'**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge.**

## Táblaí Coibhnis

Má tá pointí ar lár san **Eolas** i gCeist **1**, i gCeist **2** agus i gCeist **3** caithfidh **coibhneas** a bheith idir an marc don **eolas** agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an **nGaeilge.**

### Ceist 4 (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

# Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

## Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:
- scríobhaí (scribe)
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna
a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | XXXXXX | Iomlán na Marcanna | 240 |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

(240 marc)

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1.** Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | **240** |
| **Nóta**: ☞ Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| II | 1 | 30 |
| | 2 | 30 |
| | 3 | 60 |
| III | 4 | 20 |
| | 5 | 20 |
| | 6 | 40 |
| IOMLÁN ☞ | | 200 |
| CLUASTUISCINT ☞ | | 40 |
| MÓRIOMLÁN ☞ | | 240 |
| GRÁD ☞ | | A |

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

**CUID A**

Conas atá sibh ar maidin, a chairde? Is mise Laoise Ní Chinnéide. Rugadh i nDún Chaoin i gContae Chiarraí sa bhliain 2002 mé. Tá cónaí orm anois i mBaile Átha Cliath ó bhí an bhliain 2010 ann. Táim ag freastal ar Ghaelscoil. Imrím haca leis an scoil agus leis an gclub *Three Rock Rovers.* Seinnim ceol leis an mbanna *Squeaky Runners*.

**1. An Chéad Chainteoir**

| **Ainm** | **Laoise Ní Chinnéide** | |
|---|---|---|
| Cá háit ar rugadh Laoise? | ***Dún Chaoin.***<br>***Contae Chiarraí.***<br>***Ciarraí.*** | **3 mharc** |
| Cathain a rugadh Laoise? | ***2002 / Dhá mhíle is a dó.*** | **3 mharc** |
| Luaigh caitheamh aimsire **amháin** atá aici. | ***Haca / ceol.*** | **3 mharc** |

**2. An Dara Cainteoir**

Go mbeannaí Dia daoibh. Liam de Faoite anseo. Tá mé i mo chónaí i gCloch Cheann Fhaolaidh i gCo. Dhún na nGall. Is altra í mo mháthair agus tá sí ag obair in Ospidéal Leitir Ceanainn. Is peileadóir gairmiúil é mo dheartháir, Pól. Imríonn sé sacar le club sacair Chathair Dhoire. Iascaire é m'athair agus is aoibhinn liom a bheith amuigh ar an fharraige leis ag iascaireacht.


| **Ainm** | **Liam de Faoite** | |
|---|---|---|
| Cá bhfuil Liam ina chónaí? | ***Cloch Cheann Fhaolaidh.***<br>***Co. Dhún na nGall.*** | **3 mharc** |
| Cén obair a dhéanann máthair Liam? | ***Altra / banaltra.*** | **3 mharc** |
| Cén spórt a imríonn a dheartháir, Pól? | ***Sacar / peil.*** | **2 mharc** |

**CUID B**

**1.** **Fógra**

Gabhaim pardún agaibh. An Príomhoide ag caint libh. Tá scéala iontach agam daoibh ar maidin. Tabharfaidh Uachtarán na hÉireann cuairt ar an scoil s’againne ar maidin an dara lá déag de mhí an Mhárta. Osclóidh an tUachtarán an halla spóirt nua go hoifigiúil an lá sin. Beidh ceolchoirm ar siúl sa halla spóirt nua an tráthnóna sin.



**(a)** **(b)** **(c)** **(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? a **= 3 mharc**

**(b)** Cén dáta atá luaite?


- **(a)** 11 Márta
- **(b)** 12 Márta b **= 3 mharc**
- **(c)** 22 Márta **= 6 mharc**
- **(d)** 12 Aibreán

**2.** **Píosa Nuachta**

Tá sibh ag éisteacht le Raidió na Life. Bronnadh an chéad duais sa chomórtas Eolaí Óg na Bliana ar Imelda Ní Dhroighneáin san RDS tráthnóna. Is as Baile Formaid i mBaile Átha Cliath di. Rinne sí staidéar ar an gceangal atá idir sláinte an duine agus truailliú na timpeallachta sa tír seo.





**(a)** **(b)** **(c)** **(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? C **= 3 mharc**

**(b)** Cá bhfuil Baile Formaid?

- **(a)** I mBaile Átha Luain
- **(b)** I gContae Chorcaí C **= 3 mharc**
- **(c)** I mBaile Átha Cliath
- **(d)** I gContae Chill Dara

**= 6 mharc**

## CUID C
## COMHRÁ A hAON

**An Chéad Mhír**

**Fiachra**: Goidé mar atá tú, a Aisling? Ní fhaca mé ag an chóisir aréir thú.

**Aisling**: Fuair mé cuireadh le gabháil ann ach bhí aiste Bhéarla le críochnú agam, a Fhiachra.

**Fiachra**: Bhí tigh Bhairbre lán go doras ach, ar ndóigh, bhí Ed Sheeran ansin ar feadh tamaill.

**Aisling**: Ó sea, is col ceathrair le máthair Bhairbre é, Ed Sheeran.

**An Dara Mír**

**Fiachra**: Ghlac mé féin agus Eilís grianghraf dínn féin le hEd Sheeran; féinphic, tá a fhios agat.

**Aisling**: Ná cuir an féinphic sin ar Facebook mar tá daoine amuigh ansin a bhfuil éad orthu, a Fhiachra.

**Fiachra**: Ó ní chuirfidh mé. Ach ar chríochnaigh tú an aiste Bhéarla go fóill, a Aisling?

**Aisling** : Críochnóidh mé tráthnóna inniu í, a Fhiachra.

**Fiachra**: Ní chuirfidh mé moill ort, a Aisling, slán go fóill.

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***



(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cad a bhí á dhéanamh ag Aisling aréir? **d** **= 3 mharc**

***An Dara Mír***

**(b)** Cad a fuair Fiachra agus Eilís?

- **(a)** Bosca seacláidí óna gcairde
- **(b)** Féinphic le hEd Sheeran
- **(c)** Ticéid do cheolchoirm Ed Sheeran
- **(d)** Éadaí agus bróga galánta

**b** **<u>= 3 mharc</u>**

**= 6 mharc**

## COMHRÁ A Dó

### An Chéad Mhír

**Éanna**: An í sin Sinéad Ní Choistealbha? Is mise Éanna Mac Céile.

**Sinéad**: Haigh, a Éanna. Ó sea, bhuaileamar le chéile sa Choláiste Samhraidh anuraidh.

**Éanna** : A Shinéad a chara dhil, cén chaoi a bhfuil tú ó shin?

**Sinéad**: Ní gearánta dom. D'aistrigh mé go scoil chónaithe ó bhí mé ag caint leat anuraidh.

### An Dara Mír

**Éanna**: An dtaitníonn an scoil chónaithe leat, a Shinéad?

**Sinéad**: Taitníonn ach bhí mé uaigneach ansin ag an tús, a Éanna.


**Éanna**: Ar chríochnaigh tú an leabhar a bhí á scríobh agat?

**Sinéad**: Chríochnaigh mé roimh an Nollaig é.

**Éanna**: Comhghairdeas leat a Shinéad? Agus cén teideal a thug tú ar an leabhar?

**Sinéad**: *Na Bróga Draíochta*. Is leabhar do pháistí óga é.

***An Chéad Mhír***




**(a)** **(b)** **(c)** **(d)**

**(a)** Cá raibh Éanna agus Sinéad anuraidh? **a** **= 3 mharc**

***An Dara Mír***

**(b)** Cé dó ar scríobh Sinéad an leabhar?

- **(a)** Do dhaoine fásta
- **(b)** Do dhéagóirí
- **(c)** Do pháistí óga
- **(d)** Do thurasóirí

**c** **<u>= 3 mharc</u>**

**<u>= 6 mharc</u>**

| **ROINN II** | **LÉAMHTHUISCINT** | **(40 marc)** |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist. Scríobh na freagraí ar na ceisteanna sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo**.

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

**1** **Páirc Shaoire**
Carbháin agus pubaill

**2** Halla Pobail
**Comórtas Amhránaíochta**
Fáilte roimh chách

**3** **Stailc bus ar siúl inniu**

**4** **Cúirteanna leadóige**
Ar oscailt gach lá
9.00 a.m. – 9.00 p.m.

**5** **Dainséar!**
**Cosc ar shnámh anseo**

**6** **Bí cúramach**
Damáiste stoirme


**7** **Sladmhargadh**
ar siúl
sa siopa éadaí

**8** **Siopa Rothar**
Praghsanna ísle

**9** **Ceol agus Craic**
Anocht
**Óstán Uí Shé**


**10** **Páistí ag súgradh**
Dún an geata






















| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | F | 3 mharc |
| 2 | C | 3 mharc |
| 3 | A | 3 mharc |
| 4 | H | 3 mharc |
| 5 | B | 3 mharc |
| 6 | E | 3 mharc |
| 7 | I | 3 mharc |
| 8 | D | 3 mharc |
| 9 | J | 3 mharc |
| 10 | G | 3 mharc |

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de **(a)**, **(b)**, **(c)**. **(30 marc)**

**(a)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Áras Fáilte

**Trá Lí, Co. Chiarraí.**

**Ar oscailt gach lá 9.00 a.m. – 6.00 p.m.**

**Tabharfaimid treoir duit**

**Imeachtaí**

- Féilte
- Seónna
- Eachtraíocht
- Ceolchoirmeacha

**Lóistín**

- Óstáin
- Brúnna
- Tithe leaba agus bricfeasta
- Lóistín féinfhreastail

**Turais**

- Turais lae
- Turais faoi threoir
- Turais timpeall na lochanna
- Turais timpeall na páirce náisiúnta

**Teagmháil**

**Fón**: 066-597 304 **Ríomhphost**: eolas@arasfailtetrali.ie

**Brabhsáil**: www.arasfailtetrali.ie

**(i)** Cá háit a bhfuil an t-áras fáilte?

***Trá Lí / Co Chiarraí / Ciarraí.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Ainmnigh **dhá** shaghas lóistín atá ar fáil.

***Óstáin / Brúnna / Tithe leaba agus bricfeasta / Lóistín féinfhreastail.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Luaigh cineál **amháin** turais is féidir a dhéanamh.

***Turais lae / Faoi threoir / Timpeall na lochanna / Timpeall na páirce náisiúnta.*** **= 5 mharc**

**= 15 mharc**

**(b)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

-50% -50%

# An Siopa Leictreonach

**Baile Átha Cliath**

**SLADMHARGADH MÓR**

**Ar siúl anois**

**Fóin phóca agus oiriúintí**

Fóin do pháistí: €50
Fóin chliste: €150
Luchtaire fóin: €9.99
Cumhdach fóin: €10.99

**Ríomhairí**

Ríomhairí glúine: €299
Ríomhairí deisce: €250
Táibléid: €89
iPad: €379

**Earraí leictreacha**

Ceamara digiteach: €99
Cábla USB: €5.99
Ceamara GoPro: €149
Printéir: €39.99

**Tuilleadh eolais:**

**Fón**: 01-504 3971 **Ríomhphost**: ansiopaleictreonach@gmail.com
**Brabhsáil**: ansiopaleictreonach.ie

**(i)** Cad atá ar siúl sa siopa leictreonach anois?

***Sladmhargadh Mór.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cén praghas atá ar na fóin chliste?

***€150 / 150.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Luaigh **dhá** shaghas ríomhaire atá ar díol.

***Ríomhairí glúine / Ríomhairí deisce / Táibléid / iPad.*** **= 5 mharc**

**= 15 mharc**

**(c)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Coláiste Gaeilge

**Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe.**

**Déan teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil:**

**Fón**: 099-759 8043 **Ríomhphost**: coláistegaeilge@gmail.com **Brabhsáil**: colaistegaeilge.ie

## Cúrsaí do dhaoine óga

- Cúrsa A: 10 Meitheamh – 25 Meitheamh
- Cúrsa B: 26 Meitheamh – 14 Iúil
- Cúrsa C: 16 Iúil – 10 Lúnasa

Táille: €350

## Cúrsaí do dhaoine fásta

- Cúrsa A: 10 Iúil – 17 Iúil
- Cúrsa B: 20 Iúil – 30 Iúil
- Cúrsa C: 10 Lúnasa – 17 Lúnasa

Táille: €175

## Eolas breise

- **Agallamh riachtanach**: chun do leibhéal Gaeilge a mheas
- **Riail na Gaeilge i bhfeidhm**: caithfear Gaeilge a labhairt i gcónaí
- **Ní féidir rothar a úsáid**: ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht
- **Fón póca**: Ceadófar úsáid theoranta a bhaint as fón póca

**(i)** Cathain a bheidh Cúrsa B do dhaoine óga ar siúl?

***26 Meitheamh – 14 Iúil.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cén costas atá ar chúrsa do dhaoine fásta?

***€175.*** **= 5 mharc**

**(iii)** An bhfuil cead rothar a úsáid?

***Ní féidir (rothar a úsáid) / Níl.*** **= 5 mharc**

**= 15 mharc**

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo. **(60 marc)**

**(a)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Ed Sheeran – amhránaí agus giotáraí

**1.** Is amhránaí agus giotáraí iontach é Ed Sheeran. Tá clú agus cáil air in Éirinn agus ar fud an domhain. Nuair a bhí Ed Sheeran ceithre bliana d'aois thosaigh sé ag seinm an ghiotáir agus ag canadh i gcór. Anois bíonn na milliúin duine ag éisteacht leis gach lá agus tá go leor gradam bainte amach aige.

**2.** I Sasana a rugadh Ed Sheeran ar an 17 Feabhra 1991. Is as Contae Loch Garman do mhuintir a athar. Freisin, tá col ceathrair leis ina cónaí sa Spidéal, i gContae na Gaillimhe. Ní hionadh ar bith mar sin go mbíonn Ed Sheeran in Éirinn go minic. Deir sé féin gur fearr leis a bheith in Éirinn ná in aon áit eile agus gur bhreá leis cónaí anseo.

**3.** Thosaigh Ed Sheeran ag scríobh agus ag taifeadadh amhrán in 2004. D'eisigh sé a chéad albam, *Spinning Man* an bhliain sin freisin. Chuir sé na hamhráin ar *YouTube* agus ar *Facebook.* Mhéadaigh a lucht leanúna go mór ina dhiaidh sin. Fuair sé poiblíocht sna páipéir nuachta, ar an teilifís agus ar na meáin shóisialta. Scríobh Ed Sheeran amhráin in éineacht le Snow Patrol, Taylor Swift agus One Direction freisin, agus chan sé leo ag ceolchoirmeacha ar fud an domhain.

**4.** Shroich an t-albam *X* uimhir a haon i Sasana agus i Meiriceá in 2014. Tharla an rud céanna arís leis an albam *Divide* in 2017. Bhí Ed Sheeran ar an duine ba mhó ar éisteadh lena chuid ceoil ar Spotify in 2017. Beidh Ed Sheeran ar camchuairt timpeall na hÉireann in 2018. Beidh ceolchoirmeacha aige i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i mBéal Feirste agus i nGaillimh. Díoladh na ticéid go léir do na ceolchoirmeacha sin taobh istigh de chúpla nóiméad.

**5.** Tá go leor tatúnna ar a chorp ag Ed Sheeran. Tá tatú air a deir 'Galway' agus tatú as Gaeilge: 'Is tú mo réalt eolais'. Tá amhrán darb ainm '*Galway Girl*' ar an albam *Divide* aige. Sa bhliain 2016 rinne sé leagan Gaeilge den amhrán *Thinking Out Loud* (Ag Smaoineamh Os Ard) ar son Sheachtain na Gaeilge. Déanann Ed Sheeran a lán oibre ar mhaithe le carthanachtaí. Maith thú, a Ed Sheeran.

**(i)** Cad a thosaigh Ed Sheeran nuair a bhí sé ceithre bliana d'aois? (**Alt 1**)

***Thosaigh sé ag seinm an ghiotáir agus ag canadh i gcór.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Luaigh ceangal **amháin** atá ag Ed Sheeran le hÉirinn. (**Alt 2**)

***Is as Contae Loch Garman do mhuintir a athar. / Tá col ceathrair leis ina cónaí sa Spidéal, i gContae na Gaillimhe.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cá bhfuair Ed Sheeran poiblíocht? (**Alt 3**)

***Fuair sé poiblíocht sna páipéir nuachta / ar an teilifís / ar na meáin shóisialta.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Cad a bheidh ar siúl ag Ed Sheeran in Éirinn in 2018? (**Alt 4**)

**Beidh Ed Sheeran ar camchuairt timpeall na hÉireann in 2018 / Beidh ceolchoirmeacha aige i mBaile Átha Cliath / i gCorcaigh / i mBéal Feirste / i nGaillimh.** **= 6 mharc**

**(v)** Tabhair pointe **amháin** eolais faoi na tatúnna ar chorp Ed Sheeran. **(Alt 5)**

***Tá tatú air a deir 'Galway' / Tá tatú as Gaeilge air: 'Is tú mo réalt eolais'.*** **= 6 mharc**

**(b)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Ríona Ní Bhuachalla – Réalta Spóirt Iontach

**1.** Is imreoir peile agus camógaíochta í Ríona Ní Bhuachalla. Imríonn sí peil le club peile Dhomhnach Mór agus imríonn sí camógaíocht le club camógaíochta Inis Cara. I lár na páirce nó sna cúlaithe a imríonn sí de ghnáth. Imríonn sí do Chontae Chorcaí freisin, le foireann pheile na mban agus leis an bhfoireann chamógaíochta.

**2.** Rugadh Ríona Ní Bhuachalla i gCorcaigh i 1987. D'fhreastail sí ar scoil náisiúnta Bhiorainn in iarthar Chorcaí. Ba ghearr gur tugadh faoi deara a tallann sa spórt, go háirithe sa chamógaíocht agus sa pheil. Is minic a bhíodh Ríona agus a deartháir, Diarmaid, atá trí bliana níos sine ná í, ag iomáint sa ghairdín tar éis na scoile. Nuair a bhí Ríona ag freastal ar mheánscoil Naomh Alabhaois bhuaigh an scoil sin craobh Chorcaí sa chamógaíocht.

**3.** D'fhreastail Ríona Ní Bhuachalla ar Choláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath. Bhain sí céim amach san fhisiteiripe sa bhliain 2009. Tá a clinic fisiteiripe féin aici i Maigh Chromtha, Contae Chorcaí anois. Tagann daoine chuig an gclinic ó gach áit ar fud na hÉireann agus ó thar lear fiú amháin. Tagann imreoirí spóirt go háirithe chuici ag lorg cóir leighis agus comhairle. Bíonn a clinic lán go doras ar feadh na bliana.

**4.** Bhuaigh Ríona Craobh na hÉireann sa chamógaíocht seacht n-uaire agus Craobh na hÉireann i bpeil na mban aon uair déag. Sin gaisce nach bhfuil déanta ag aon duine eile go dtí seo. Bhí sí ina captaen ar fhoireann Chorcaí a bhuaigh Craobh na hÉireann i bpeil na mban in 2015, agus bhí sí ina captaen ar fhoireann chamógaíochta Chorcaí a bhuaigh Craobh na hÉireann in 2017. Sin gaisce eile nach ndearna aon duine eile riamh.

**5.** Tá meas mór ag Ríona Ní Bhuachalla agus ag a teaghlach ar an nGaeilge. Labhraíonn siad Gaeilge chomh minic agus is féidir leo. As Gaeilge amháin a labhair Ríona nuair a ghlac sí leis an gcorn i bPáirc an Chrócaigh in 2015 agus rinne sí an rud céanna arís nuair a ghlac sí leis an gcorn i bPáirc an Chrócaigh in 2017. Réalta í Ríona Ní Bhuachalla gan aon agó.

**(i)** Cén **dá** spórt a imríonn Ríona Ní Bhuachalla? (**Alt 1**)

***Peil / camógaíocht.*** **(3 + 3) = 6 mharc**

**(ii)** Cén bhliain a rugadh Ríona Ní Bhuachalla? (**Alt 2**)

***1987.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cá háit a bhfuil a clinic fisiteiripe ag Ríona Ní Bhuachalla? (**Alt 3**)

***Maigh Chromtha / Contae Chorcaí / Corcaigh.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Luaigh gaisce **amháin** atá déanta ag Ríona Ní Bhuachalla. (**Alt 4**)

***Bhuaigh Ríona Craobh na hÉireann sa chamógaíocht seacht n-uaire / Craobh na hÉireann i bpeil na mban aon uair déag / Bhí sí ina captaen ar fhoireann Chorcaí a bhuaigh Craobh na hÉireann i bpeil na mban in 2015 / bhí sí ina captaen ar fhoireann chamógaíochta Chorcaí a bhuaigh Craobh na hÉireann in 2017.*** **= 6 mharc**

**(v)** Luaigh rud **amháin** a léiríonn an meas mór atá ag Ríona Ní Bhuachalla ar an nGaeilge. (**Alt 5**)
***Labhraíonn Ríona agus a teaghlach Gaeilge chomh minic agus is féidir leo / As Gaeilge amháin a labhair Ríona nuair a ghlac sí leis an gcorn i bPáirc an Chrócaigh in 2015 / As Gaeilge amháin a labhair Ríona nuair a ghlac sí leis an gcorn i bPáirc an Chrócaigh in 2017.*** **= 6 mharc**

| ROINN III | SCRÍOBH NA TEANGA | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(20 marc)**

Tá tú ag freastal ar champa sacair. Scríobh **cárta poist** chuig do chara faoi.

**CÁRTA POIST**

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**

**Cúig cinn de na pointí eolais luaite = 5 mharc**
**Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 4 mharc**
**Trí cinn de na pointí eolais luaite = 3 mharc**
**Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 2 mharc**
**Ceann amháin de na pointí eolais luaite = 1 mharc**

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

**P1: an áit a bhfuil an campa sacair ar siúl**
**P2: an rud is fearr leat faoin gcampa sacair**
**P3: an aimsir**
**P4: rud amháin faoin gcampa nach maith leat**
**P5: an lá a chríochnóidh an campa sacair.**

- **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc
- Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
- **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir ag freastal ar **champa sacair, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
- **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **15 mharc**
- '0'**(náid)** ar eolas → '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'.

**Eolas: 5 mharc**
**Gaeilge: 15 mharc**

**CEIST 5** **(20 marc)**

Is tusa Aoife *nó* Brian sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **pictiúir 1 - 4**.




| **Pictiúr 1** | **Pictiúr 2** | **Pictiúr 3** | **Pictiúr 4** |
|---|---|---|---|
| Cuireadh | Glacadh leis an gcuireadh | Imeachtaí | I dteach mo charad |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- an fáth a raibh tú ar an bhfón (Pictiúr 1)
- cad a tharla ansin (Pictiúr 2)
- cuntas ar an lá. (Pictiúr 3 agus Pictiúr 4)

**Lá le mo chairde**

**Eolas = Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 4 mharc.**
**Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
**N.B. Muna ndéantar tagairt do 'Pictiúr 3' agus 'Pictiúr 4' bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.**

**Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**
**Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 4 mharc**
**Trí cinn de na pointí eolais luaite = 3 mharc**
**Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 2 mharc**
**Ceann amháin de na pointí luaite = 1 mharc**


- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**
- ✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**Eolas: 4/4**
**Gaeilge: 16/16**

**CEIST 6.** Freagair **(a) Litir** *nó* **(b) Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**Litir**

Tá madra óg agat. Scríobh litir chuig cara leat ag insint dó/di faoin madra.





- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

| | |
|---|---|
| **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**<br>**P.1** conas a fuair tú an madra<br>**P.2** cad a tharla nuair a tháinig tú abhaile ón scoil<br>**P.3** cad a rinne an madra sa teach agus sa ghairdín<br>**P.4** cad a tharla i rith na hoíche. | **Foirmlí: = 4 mharc**<br>**seoladh = 1 mharc**<br>**dátaí = 1 mharc**<br>**beannú = 1 mharc**<br>**síniú scoir = 1 mharc** |
| **Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**<br>**Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 8 marc**<br>**Trí cinn de na pointí eolais luaite = 6 mharc**<br>**Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 4 mharc**<br>**Ceann amháin de na pointí luaite = 2 mharc** | ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**<br>✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.<br>✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**' |

**F = 4/4**
**E = 8/8**
**G =28/28**
**[C.6 (a) = 40]**

**(b)** **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Bríd *nó* Dónall, duine de na daoine óga sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




**Gaeilge:**

- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**
- ✓ '0'**<u>(náid)</u>** ar eolas ➔ '0'**<u>(náid)</u>** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**E = 10/10**
**G = 30/30**
**[C.6 (b) = 40]**